C/2024/6326

22.10.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/6326)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Yläsavolainen muurinpohjalettu'

Uimh. AE: PGI-FI-03049 – 18.12.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Yläsavolainen muurinpohjalettu'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Fhionlainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.3. Arán, cístí, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Crêpe tanaí is ea 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' atá cosúil le lása agus a dhéantar as fuidreamh tanaí ina n-úsáidtear bainne nó deoch bainnebhunaithe atá saor ó lachtós, plúr eorna (*Hordeum vulgare*), plúr cruithneachta (*Triticum aestivum*), uibheacha agus salann, agus a fhriochtar ina dhiaidh sin i scilléad iarainn theilgthe. Ní mór 1/3 de phlúr eorna ar a laghad a bheith san fhuidreamh. Fágtar an fuidreamh chun ardú ansin ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad nó fiú thar oíche. Tá cruth ubhchruthach nó cruinn ar 'muurinpohjalettu'. D'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith ann ó thaobh méide de. An friochtán a úsáidtear le haghaidh an fhriochta, smeartar é le him nó le him atá saor ó lachtós.

Is iad seo a leanas saintréithe 'Yläsavolainen muurinpohjalettu':

— uigeacht thanaí, bhriosc atá cosúil le lása

— an dath donn a bhíonn air nuair a fhriochtar é

— riartar é ar bhealach a fhágann go mbíonn an taobh a fhriochtar ar dtús béal in airde

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór fuidreamh 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' a dhéanamh agus a fhriochadh i réigiún na Sabhóine Uachtaraí.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá i limistéar geografach 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' sa tSabhóin Uachtarach na bardais seo a leanas de chuid na Sabhóine Uachtaraí: Iisalmi, Keitele, Kiuruvesi, Lapinlahti, Pielavesi, Sonkajärvi agus Vieremä.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an Tásc Geografach faoi Chosaint le haghaidh 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' bunaithe ar cháil an táirge mar shócamas speisialta de chuid na Sabhóine Uachtaraí a ullmhaítear ar bhealach ar leith.

Is é a dhéanann idirdhealú idir 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' agus gnáth-*crêpes* brisce agus tanaíocht an táirge agus an chaoi a bhfuil sé cosúil le lása. Is critéir mheasúnaithe thábhachtacha iad na saintréithe sin ag comórtais chócaireachta le haghaidh 'muurinpohjalettu'. Bíonn an fuidreamh tanaí chun *crêpe* briosc a dhéanamh.

Is iad an t-im / an t-im saor ó lachtós a úsáidtear le haghaidh an fhriochta agus an scilléad iarainn theilgthe a chruthaíonn dath maith álainn agus dromchla bácáilte. I measc na n-uirlisí cócaireachta traidisiúnta tá greadtóir atá déanta as craobhóga beithe, a úsáidtear chun an t-im a leathadh ar an scilléad. Déantar an *crêpe* a thiontú le spadal solúbtha.

Oideas le haghaidh shócamas Oíche Fhéile Eoin ó Iisalmi, ar a dtugtar 'Yläsavolainen muurinpohjalettu', foilsíodh é den chéad uair san iris *Kotiliesi* siar in 1933. San oideas sin, bhí sraith treoracha agus liosta de na comhábhair a bhfuil gá leo chun 'muurinpohjalettu' a ullmhú. (*Kotiliesi*. 'Iisalmelainen Juhannusherkku' ('Sócamas Oíche Fhéile Eoin ó Iisalmi'). 12/1933 lch. 451)

Tháinig cáil níos forleithne ar an *crêpe* nuair a d'eagraigh Cumann Óige na Fionlainne sa tSabhóin Uachtarach an chéad chomórtas cócaireachta le haghaidh 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' in 1972. Tá comórtais á reáchtáil le linn Fhéile Chontae na Sabhóine Uachtaraí ó bhí 1972 ann.

Léirítear cáil 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' le grianghraf ina bhfuil Uachtarán na Fionlainne Mauno Koivisto agus Tellervo Koivisto le feiceáil agus an *crêpe* á bhlaiseadh acu in Vieremä in 1996.

In alt maidir le 'yläsavolainen muurinpohjalettu' sa nuachtán *Savon Sanomat*, mínítear conas a thógann fear ar a dtugtar 'Lettu-Enska' ('Crêpe Enska') an *crêpe* ón bhfriochtán le spadal miotail agus conas a thiontaíonn sé le spadal adhmaid é. Leathann sé an t-im le greadtóir atá déanta as craobhóga beithe. Úsáideann sé bainne iomlán nó bainne leathbhearrtha mar leacht don fhuidreamh. Dar leis go ndéantar na *crêpes* is fearr le bainne a fhaightear go díreach ón bhfeirm. Deir sé freisin 'go gcruthaítear poill go nádúrtha sna *crêpes* nuair a dhoirteann tú an fuidreamh feadh imeall uachtarach an scilléid agus nuair a leathann tú an chuid eile de le spadal.' (Vuokko Nissinen. *Savon Sanomat* an 27 Meitheamh 2016: 'Näin paistat parhaat yläsavolaiset muurinpohjaletut' ('Is é seo an bealach is fearr chun *crêpes yläsavolainen muurinpohjalettu* a fhriochadh'). Le fáil ag: 'Näin paistat parhaat yläsavolaiset muurinpohjaletut' ('Is é seo an bealach is fearr chun *crêpes yläsavolainen muurinpohjalettu* a fhriochadh') | An tSabhóin | *Savon Sanomat*)

Saineolaí 'muurinpohjalettu' atá 80 bliain d'aois agus a bhfuil taithí fhada aige ar na *crêpes* a dhéanamh, cuireadh faoi agallamh é don leagan ar líne den nuachtán *Ilta-Sanomat*. San agallamh, dúirt sé gur 'ón tSabhóin Uachtarach a thagann an saineolas maidir le "muurinpohjalettu" a dhéanamh. Tagann an *crêpe* ó Iisalmi agus ó na ceithre bhardas in aice láimhe, is iad sin: iarbhardas tuaithe Iisalmi; Vieremä; Kiuruvesi; agus Sonkajärvi.' Is é seo a leanas an tuairisc a thug sé ar ullmhú 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' ag comórtas: 'Cheap duine de na moltóirí go mbíonn *crêpe* maith cruinn nó beagán ubhchruthach, go mbíonn tiús cothrom ann, go mbíonn sé chomh tanaí le lása agus go mbíonn sé donnaithe go foirfe. Ba cheart poill a bheith sa *crêpe* freisin. Baintear an toradh inmhianaithe amach nuair a bhíonn an fuidreamh sách tanaí agus nuair a bhíonn an méid ceart saille ann.'

Is comhábhar fíor-riachtanach é plúr eorna in oidis thraidisiúnta le haghaidh 'Yläsavolainen muurinpohjalettu', agus tá sé tábhachtach go n-ardaíonn an plúr roimh ré. Is cosúil nár úsáid déantóirí *crêpe* atá an-sciliúil ach plúr eorna, cé gurb é plúr eorna a bhíonn i thart ar leath den chóimheas meascaidh tipiciúil in oidis 'muurinpohjalettu' agus plúr cruithneachta a bhíonn sa leath eile. 'Is dócha gur cheart do thosaitheoir beagán níos mó plúr cruithneachta a úsáid ná plúr eorna, ach tá níos mó plúr eorna ná plúr cruithneachta i bhfíor-*crêpe* tosaithe. Ní mór an fuidreamh tosaithe a bheith sách leachtach chun *crêpes* tanaí a dhéanamh, de réir shaineolaí 'muurinpohjalettu' ó Iisalmi. (Mansikkamäki Sanna. *Ilta-Sanomat*. An 2 Lúnasa 2016: 'Sceitheann Esko Antikainen, 80, rúin *crêpes* "muurinpohjalettu" agus is é seo an rabhadh a thugann sé: "Ná pléasc tar éis iad a ithe".' Le fáil ag: https://www.is.fi/ruokala/ajankohtaista/art-2000001231828.html)

San iris bia agus fíona ar líne *Glorian Ruoka&Viini*, mínítear conas a dhéanann cócaire *Michelin* na *crêpes* seo ar bhealach a léiríonn meas ar thraidisiúin na Sabhóine Uachtaraí. Tugtar an t-oideas le haghaidh 'Yläsavolainen muurinpohjalettu' san iris. (*Glorian Ruoka&Viini* 2018, *Soppa365*: https://www.soppa365.fi/reseptit/leivonta-jalkir uu'Yläsavolainen muurinpohjalettu'at-aamiaiset-makea-leivonta/huippukokin-muurinpohjaletut)

De réir scéal stairiúil a bhaineann le 'Yläsavolainen muurinpohjalettu', 'Sa tSabhóin Uachtarach, cócaráladh *crêpes* ar a dtugtar "muurlettu", i.e. "muurinpohjalettu", ar Oíche Fhéile Eoin. Dhéantaí iad a chócaráil ag bun coire, mar a thugann an t-ainm le fios. De ghnáth, bhíodh coire níocháin mór réidh ag pobail na sráidbhailte, agus dhéanadh mná feirme sealaíocht ar *crêpes* a dhéanamh ann. I gceantar máguaird Iisalmi, ba ghnách na *crêpes* a fhriochadh go maith roimh Oíche Fhéile Eoin, ionas go bhféadfadh na déantóirí *crêpe* iad féin a ní sa sabhna tar éis dóibh a gcuid oibre lán deataigh a dhéanamh. Ba mhinic a bhíodh ar dhuine fanacht lena sheal ag an gcoire, toisc go dtugadh gach duine neart fuidreamh tosaithe le haghaidh na *crêpes*. I ndeireadh na dála, níor mhór dóthain *crêpes* a bheith ann le haghaidh Lá Fhéile Eoin freisin. Bhítí in ann "muurinpohjalettu" a dhéanamh os cionn tine chnámh ar Oíche Fhéile Eoin freisin, áit a dtugadh coimeádaí tine cúnamh do dhéantóir na *crêpes*.' (Ollikainen Eila, Määttalä Sinikka agus Hämäläinen Mauno. 2009. *Savolainen syömälysti* (leabhar cócaireachta ina bhfuil oidis ón tSabhóin), lch. 130)

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.ruokavirasto.fi/ylasavolainen-muurinpohjalettu